# 18 Athbhreithnithe na Roinne ar Scéimeanna Leasa Shóisialta

**18.1** Déanann an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (an Roinn) athbhreithnithe ar éilimh tar éis a bhfaofa, a dtugtar ‘athbhreithnithe rialaithe’ orthu, lena chinntiú

- go bhfuil na coinníollacha ar fad a bhaineann leis an íocaíocht á gcomhlíonadh go fóill
- go bhfuil an té fós i dteideal na ngnéithe uile den íocaíocht, amhail gaol cleithiúnach.

**18.2** Tá i gceist leis an athbhreithniú cuairt a thabhairt ar an té sa bhaile, é/í a chur faoi agallamh, nó an comhad nó na páipéir ábhartha a chur faoi chaibidil ag an deasc. D’fhéadfadh sé go ndéanfaí athbhreithniú ar chora poist agus athbhreithniú leighis chomh maith. Athraíonn na costais de réir an cineál athbhreithnithe a dtugtar faoi. Is iondúil go mbraitheann a mhinice a dhéantar athbhreithniú ar

- an leibhéal riosca atá ag baint leis an scéim
- an leibhéal riosca atá ag baint leis an éilitheoir de réir a phróifíle éilimh.

**18.3** Scrúdaítear sa tuarascáil seo feidhmíocht na Roinne i leith athbhreithnithe rialaithe beartaithe a chur i bhfeidhm. Déantar éifeachtacht na rialuithe a mheas freisin maidir le trí scéim — an forlíonadh ioncaim teaghlaigh, an pinsean easláine agus an liúntas cúraim baile — bunaithe ar thorthaí tuairiscithe na n-athbhreithnithe.

## Rátáil riosca ag an Roinn

**18.4** De ghnáth, is mó seans go mbeadh scéimeanna atá bunaithe ar ioncam nó ar acmhainn i mbaol calaoise nó earráide, cé gur mó seans go mbeadh scéimeanna leighis i mbaol éilitheoirí nach gcomhlíonann na critéir cháilitheachta. Leis an leibhéal riosca atá ag baint le scéimeanna a mheas, tugann an Roinn faoi shuirbhéanna ar chalaois agus earráidí.[1] Baineann an Roinn leas as torthaí na suirbhéanna sin lena mheas an leor an straitéis rialaithe atá aici i dtaca leis an scéim agus an gá aon leasuithe a dhéanamh ar a polasaí athbhreithnithe.

**18.5** Féadann an Roinn rátálacha riosca a shannadh d’éilimh aonair i gcás scéimeanna áirithe. Mar shampla, sanntar stádas athbhreithnithe leighis do gach éileamh nua i gcás scéim an phinsin easláine, lena gcuirtear in iúl cén uair ba chóir athbhreithniú leighis a dhéanamh ar an éileamh sin arís. I measc na stádas éagsúil tá ‘athbhreithniú i gceann bliana’ agus ‘ná cuir ar aghaidh arís’.

**18.6** Shocraigh an Roinn sprioc go ndéanfaí 1 milliún athbhreithniú rialaithe in 2016 agus tá tuairiscithe aici go ndearnadh 95% de na hathbhreithnithe sin. Tá anailís déanta i bhFíor 18.1 ar na réimsí ar úsáideadh acmhainní athbhreithnithe ina leith. Sa chás go ndearnadh suirbhé ar chalaois agus earráidí, tá leibhéal measta na n-íocaíochtaí iomarcacha maidir leis na scéimeanna arna n-athbhreithniú léirithe d’fhonn cur i gcomparáid a éascú.

1 Féach freisin Caibidil 16 *Rialtacht Íocaíochtaí Leasa Shóisialta.*

**Fíor 18.1 Léargas ginearálta ar athbhreithnithe rialaithe a rinne an Roinn in 2016**

| Scéim | | Líon na bhfaighteoirí[a] | Caiteachas 2016 €m | Leibhéal measta na n-íocaíochtaí iomarcacha[b] | Sprioclíon athbhreith nithe | Athbhreithnithe a rinneadh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Sochar linbh | | 1,195,000 | 2,078 | 0.5% | 317,500 | 322,421 |
| Sochar Cuardaitheora Poist | | | 2,808 | | 240,000 | 246,741 |
| - | *Liúntas* | 218,000 | | *3.1%* | | |
| - | *Sochar* | 38,000 | | *1.6%* | | |
| Breoiteacht agus míchumas | | | 2,733 | | 107,700 | 106,865 |
| - | *Liúntas Míchumais* | 126,000 | | *4.1%*[c] | | |
| - | *Sochar breoiteachta* | 54,000 | | *6.0%*[c] | | |
| - | *Pinsean easláine* | 56,000 | | *1.5%*[c] | | |
| - | *Liúntas cúraim baile* | 35,000 | | — | | |
| Liúntas Leasa Forlíontach (LLF) | | | 371 | | 170,000 | 88,626 |
| - | *LLF bunúsach* | 18,000 | | — | | |
| - | *Forlíonadh Cíosa* | 48,000 | | 5.0% | | |
| - | *Forlíonadh ús morgáiste* | 2,000 | | — | | |
| Teaghlach aontuismitheora | | 40,000 | 501 | 2.7% | 53,000 | 64,349d |
| Pinsean (ranníocach) marthanóra[e] | | 121,000 | 1,437 | 0.7% | 6,000 | 8,076 |
| Forlíonadh ioncaim teaghlaigh | | 58,000 | 415 | 0.5% | 42,300 | 50,585 |
| Pinsin stáit (sochair theaghlaigh san áireamh) | | | 5,874 | | 42,000 | 44,030 |
| - | *Pinsean stáit (ranníocach)* | 377,000 | | *2.0%* | | |
| - | *Pinsean stáit (neamhranníocach)* | 95,000 | | *1.9%*[f] | | |
| Íocaíocht cúramóra | | 73,000 | 686 | Dada | 8,500 | 3,828 |
| ÁSPC[g] | | N/B | 9,566[h] *(fáltais)* | Dada | 13,000 | 12,695 |
| **Iomlán** | | | | | **1,000,000** | **948,216** |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Nótaí:
a Baineann na figiúirí maidir le líon na bhfaighteoirí leis an 31 Nollaig 2016.
b An glanchaillteanas don chóras leasa shóisialta, á chur san áireamh cásanna ina dtagann éilimh bhailí/íocaíochtaí a bhraitheann ar scéimeanna eile in áit éileamh a dícheadaíodh ar an gcéad dul síos agus cásanna ina n-éiríonn le hachomharc.
c Tá san áireamh sna figiúirí don liúntas míchumais, don phinsean easláine agus don sochar breoiteachta torthaí cásanna ar ina leith ar tugadh faoi athbhreithniú leighis.
d 2,812 athbhreithniú ar íocaíochtaí gnóthaithe cothabhála (measúnuithe ar ghaol faoi dhliteanas).
e Pinsean (ranníocach) baintrí/baintrí fir/páirtí shibhialta mharthanaigh.
f Tá an t-ollmhéid a íocadh go hiomarcach ar an scéim sonraithe. Níor tomhaiseadh an glanchaillteanas don chóras leasa shóisialta nuair a rinneadh an suirbhé seo in 2008.
g Tá san áireamh in athbhreithnithe ÁSPC fiosrúcháin agus iniúchtaí arna ndéanamh ag foireann na Roinne.
h Tá san áireamh freisin ranníocaíocht sláinte agus tobhach don chiste náisiúnta oiliúna.

**18.7** Fuarthas amach an méid seo a leanas ach staitisticí athbhreithnithe na Roinne a scrúdú

- Cé gurbh ann do sprioc fhoriomlán go ndéanfaí athbhreithniú ar 107,700 íocaíocht a bhain le breoiteacht, ní raibh aon sprioc socraithe do líon na n-athbhreithnithe rialaithe i dtaca le gach scéim a bheadh le déanamh ag an rannóg measúnaithe leighis. Ba é thart ar €2.7 billiún an caiteachas in 2016 ar scéimeanna leighis (gan íocaíochtaí do chúramóirí a áireamh) agus ba ann do bhreis is 270,000 faighteoir amhail ag deireadh mhí na Nollag 2016.
- As na 106,865 athbhreithniú a rinneadh ar scéimeanna leighis in 2016, rinneadh breis is 70,000 ceann acu (65%) mar chuid de chinntí ar éilimh thosaigh, d’athbhreithniú ar chinntí ar éilimh (m.sh. nuair a chuireann éilitheoir fianaise bhreise leighis isteach le tacú lena éileamh) agus d’athbhreithnithe tar éis achomharc. Fágann sé sin nár tugadh faoi ach 35% (36,865) de na hathbhreithnithe a bhain le scéimeanna leighis lena dheimhniú go raibh éilitheoir fós i dteideal na híocaíochta, incháilitheacht leighis san áireamh.
- Bhain ní ba lú ná 1% de na hathbhreithnithe a rinneadh in 2016 le scéimeanna do chúramóirí (an liúntas do chúramóirí agus an sochar do chúramóirí), ar caitheadh €686 milliún orthu. Níor éirigh leis an Roinn ach leath dá sprioclíon athbhreithnithe a bhaint amach i gcás na scéimeanna sin. Tá suirbhé ar chalaois agus earráidí á dhéanamh ar scéim an liúntais do chúramóirí faoi láthair — is é sin an chéad suirbhé dá leithéid ar an scéim sin.

**18.8** Coinníonn an Roinn súil ghéar ar leithdháileadh acmhainní athbhreithnithe do scéimeanna a mheastar ar mó an baol rialaithe a bhaineann leo. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara sa chomhthéacs sin go bhfuil roinnt gnéithe ar leith i gceist leis na hathbhreithnithe a dhéanann an Roinn ar éilimh

- scrúduithe agus measúnuithe deasc-bhunaithe ar an bhfaisnéis a bhfuil fáil ag an oifigeach cinniúna uirthi agus ar an bhfaisnéis a fhaigheann sé trí fhiosrúcháin a dhéanamh go díreach le héilitheoirí (tríd an bpost go hiondúil)
- cruinnithe agus agallaimh aghaidh ar aghaidh idir baill foirne agus éilitheoirí
- measúnú ar an láthair, oifig-bhunaithe agus deasc-bhunaithe arna dhéanamh ag cigirí leasa shóisialta agus ag baill foirne phobail ar acmhainn éilitheoirí agus ar ábhair eile lena mbaineann, agus
- fiosrúcháin arna ndéanamh ag Aonad Imscrúdaithe Speisialta na Roinne.

**18.9** Chuir an Roinn in iúl go mbíonn nádúr na n-athbhreithnithe a dhéantar ag teacht leis an méid riosca a mheasann an Roinn atá ag baint leis an scéim áirithe. Mar shampla, déantar athbhreithniú ar shampla nach lú ná 5% de na héilimh ar an sochar linbh gach bliain ach fiosrúcháin a dhéanamh tríd an bpost. Déantar an méid céanna oibre, a bheag nó a mhór, ar éilimh ar an bpinsean ranníocach stáit a fhiosrú tríd an bpost. I gcás scéimeanna a bhfuil níos mó riosca ag baint leo, ar nós an liúntais cuardaitheora poist agus an liúntais míchumais, déantar fiosrúcháin tríd an bpost (a bhaineann le sonraí acmhainne a nuashonrú go príomha) agus measúnú ag an deasc. Eagraítear cruinniú aghaidh ar aghaidh leis an éilitheoir ina dhiaidh sin agus déantar measúnú sláinte nuair is iomchuí.

**18.10** Chuir an Roinn in iúl go bhfuil an anailísíocht thuarthach á húsáid aici anois i ndáil leis na trí phríomhchatagóir íocaíochta do dhaoine atá in aois oibre — an liúntas cuardaitheora poist, an sochar teaghlaigh aontuismitheora agus an liúntas míchumais. Déantar athbhreithnithe riosca-bhunaithe i dtaca leis na scéimeanna sin anois mar thoradh air sin d’fhonn sainaithint a dhéanamh ar chásanna féideartha inar mó an riosca go ndearnadh éileamh orthu go mícheart nó go calaoiseach. Déanann na samhlacha sainaithint ar chásanna le himscrúdú/le hathbhreithniú gach mí, rud a thugann deis don Roinn acmhainní imscrúdaitheacha a dhíriú ar na cásanna siúd is dócha a mbeidh an toradh is mó acu ó thaobh coigiltis rialaithe agus frithchalaoise de. Tá sé beartaithe ag an Roinn úsáid na hanailísíochta tuarthaí a leathnú amach chuig scéimeanna eile in 2018.

## Athbhreithniú ar scéimeanna

**18.11** Scrúdaíodh próiseas na n-athbhreithnithe rialaithe a fheidhmíonn an Roinn i dtaca le trí scéim

- An Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh
- An Pinsean Easláine
- An Liúntas Cúraim Baile.

Caitheadh thart ar €1.2 billiún ar an iomlán ar na scéimeanna sin in 2016, mar atá leagtha amach i bhFíor 18.2.

**Fíor 18.2 Próifíl na scéimeanna 2016**

| Scéim | Caiteachas 2016 €000 | Líon na bhfaighteoirí[a] | Líon na n-athbhreithnithe |
|---|---|---|---|
| Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh | 415,437 | 58,000 | 50,585 |
| Pinsean Easláine | 644,950 | 56,000 | 588 |
| Liúntas Cúraim Baile | 133,075 | 35,000 | 71b |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Nótaí: a Baineann na figiúirí maidir le líon na bhfaighteoirí leis an 31 Nollaig 2016.

b Cuireadh athbhreithnithe incháilitheachta leighis ar éilimh ar an liúntas cúraim baile ar fionraí in 2012 agus tá siad fós ar fionraí. Bíodh sin mar atá, rinneadh athbhreithniú ar 71 éileamh ar chúiseanna eile.

## An Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh

**18.12** Is íocaíocht sheachtainiúil saor ó cháin é an Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh (FIT) a thugann tacaíocht airgeadais bhreise do dhaoine ar phá íseal agus a bhfuil leanaí acu. Lena bheith incháilithe dó, ní mór meánioncam teaghlaigh seachtainiúil an iarratasóra a bheith faoi bhun méid áirithe de réir mhéid an teaghlaigh. Tá an FIT iníoctha ar ráta 60% den difríocht idir meánioncam teaghlaigh seachtainiúil an duine aonair agus an teorainn ioncaim atá leagtha síos ag an Roinn i leith chúinsí an teaghlaigh.

**18.13** Íoctar an FIT go ceann tréimhse 52 seachtain ar chuntar go mbeidh na critéir cháilitheacha fós á gcomhlíonadh ag an éilitheoir agus a c(h)éile, a p(h)áirtnéir sibhialta nó a c(h)omhchónaitheoir. Le leanúint leis an íocaíocht FIT a fháil tar éis na tréimhse 52 seachtain, ní mór éileamh nua a chur isteach agus ní mór don iarratasóir a bheith ag sásamh na gcoinníollacha cáilitheacha go fóill.

**18.14** I gcúrsa an scrúdaithe, fuarthas amach gur athnuadh roinnt éileamh sna blianta 2014 agus 2015 gan na gnáthsheiceálacha bliantúla a chur i bhfeidhm orthu. Tugadh faoi deara sa scrúdú go raibh leanbh cleithiúnach curtha san áireamh i ríomh na híocaíochta FIT go mícheart i gceann de na cásanna. Bhí 18 mbliana d’aois slánaithe ag an leanbh agus níor cheart é a chur san áireamh chun críche ríomh an FIT a thuilleadh. Dá ndéanfaí na gnáthsheiceálacha bliantúla ar an éileamh sin, d’fhéadfadh sé nach dtarlódh a leithéid d’earráid.

**18.15** Léirigh sonraí a chuir an Roinn ar fáil go ndearna Aonad FIT na Roinne 8,925 éileamh a athnuachan gan na gnáthsheiceálacha a dhéanamh orthu idir mí na Bealtaine agus mí Dheireadh Fómhair 2014 de dheasca easpa acmhainní, agus gur athnuadh 1,710 cás amhlaidh le linn tréimhse 2 sheachtain in 2015 chomh maith. Chuir an Roinn in iúl gur roghnaíodh na 8,925 cás a athnuadh gan na seiceálacha a dhéanamh orthu in 2014 ar an mbonn go raibh siad á n-íoc le trí bliana anuas ag an am agus gur lú an t-athrú ar acmhainn an éilitheora le himeacht na tréimhse sin ná €20. Glacadh leis dá bhrí sin gur dhócha nach raibh aon athrú ar an scéal. Roghnaíodh na 1,710 faighteoir ar athnuadh a n-éilimh gan na seiceálacha a dhéanamh orthu in 2015 ar an mbonn go raibh foirm iarratais athnuachana comhlánaithe agus curtha isteach acu cheana féin. Athnuadh a n-éileamh ar FIT go huathoibríoch ar an ráta íocaíochta a bhí i réim an tráth sin. Chuir an Roinn in iúl gur cuireadh litir chuig gach faighteoir ar athnuadh a éileamh gan na gnáthsheiceálacha a dhéanamh air le bonn na hathnuachana a chur in iúl dó agus le hiarraidh air aon athruithe ar a dhálaí a fhógairt don Roinn.

## Pinsean Easláine

**18.16** Íoctar an pinsean easláine leo siúd nach bhfuil in ann obair a dhéanamh ar bhonn buan de dheasca míchumais nó breoiteachta agus a bhfuil a ndóthain ranníocaíochtaí árachais shóisialta déanta acu. Le bheith incháilithe do phinsean easláine, caithfidh sé nach raibh an t-iarratasóir in ann obair a dhéanamh le 12 mhí ar a laghad agus gur dócha nach mbeidh sé in ann obair a dhéanamh arís go ceann 12 mhí eile ar a laghad, nó ní mór dó éagumas a bheith air a fhágann gur dócha nach mbeidh sé in ann obair a dhéanamh arís don chuid eile dá shaol.

**18.17** Tar éis tosú ar éileamh a íoc, is é an príomhathrú a d'fhéadfadh teacht ar na coinníollacha cáilitheachta ná an faighteoir a theacht chun a bheith in ann obair a dhéanamh arís, nó i gcás duine atá ag fáil liúntas cleithiúnaí cháilithe, athrú ar na dálaí maidir leis an gcleithiúnaí. I mí na Nollag 2016, bhí gné cleithiúnaí aosaigh i gceist le breis is 7,000 éileamh ar phinsean easláine, agus gné cleithiúnaí linbh i gceist le beagnach 14,000.

**18.18** Éilítear le nósanna imeachta na Roinne go sanntar stádas athbhreithnithe leighis d'éileamh tráth a fhaofa lena gcuirtear in iúl cibé acu ar chóir nó nár chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an éileamh amach anseo. Cuirtear in iúl chomh maith cén uair ba chóir an t-athbhreithniú sin a dhéanamh, m.sh. 'déan athbhreithniú i gceann 1, 2 nó 3 bliana' nó féadtar stádas 'ná cuir ar aghaidh arís' a shannadh dó ina ionad sin.

**18.19** Tugadh faoi deara i scrúdú a rinneadh roimhe seo[1] nach raibh 11% de na cásanna pinsin easláine a ndearna an Roinn athbhreithniú randamach orthu incháilithe a thuilleadh. Mar fhreagra ar mholadh tuarascála, ghlac an Roinn gur chóir athbhreithniú leighis a dhéanamh ar gach uile chás nach bhfuil aon stádas athbhreithnithe leighis aige chomh luath agus is féidir agus d'admhaigh gur gá cur lena hacmhainn leis na hathbhreithnithe rialaithe leighis a dhéanamh.

**18.20** I mí na Samhna 2015, tar éis suirbhé ar chalaois agus earráidí a dhéanamh i dtaca leis an scéim, leasaigh an Roinn a polasaí athbhreithnithe i leith scéim an phinsin easláine. Ba é 1.5% leibhéal measta na n-íocaíochtaí iomarcacha (neamh-incháilitheacht leighis san áireamh) de réir an tsuirbhé sin.

1 Caibidil 20, *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2012.*

**18.21** Tugtar tús áite d'athbhreithnithe leighis faoin bpolasaí leasaithe i leith an phinsin easláine, ar an mbonn gur mó seans go dtiocfadh athrú ar dhálaí an chustaiméara i leith na critéir leighis a sásamh ná dálaí eile. Tá leagtha síos sa pholasaí sin go ndéanfar athbhreithniú leighis sa chásanna seo a leanas

- cásanna a bhfuil tréimhse ghearr athbhreithnithe i gceist leo .i. bliain amháin nó dhá bhliain (35% de na hathbhreithnithe)
- cásanna ina bhfuil an t-éilitheoir faoi bhun 40 bliain d'aois agus cásanna a gcuireann Aonad na Scéime ar aghaidh iad (40% de na hathbhreithnithe)
- éilitheoirí a bhfuil íocaíochtaí á ndéanamh leo le breis is dhá bhliain ach nach ndearnadh athbhreithniú orthu roimhe seo (20% de na hathbhreithnithe)
- Déanfar 5% de na hathbhreithnithe ar chásanna a bhfuil an stádas athbhreithnithe 'ná cuir ar aghaidh arís' acu agus ar éilimh atá á n-íoc le breis is naoi mbliana.

**18.22** Thug an fhoireann scrúdaithe na nithe seo a leanas faoi deara maidir leis na hathbhreithnithe a rinne an Roinn in 2016 ar éilimh ar an bpinsean easláine

- Sháraigh an Roinn a sprioc in dhá cheann de na catagóirí riosca — cásanna a bhfuil tréimhse ghearr athbhreithnithe i gceist leo agus cásanna ina bhfuil íocaíochtaí á ndéanamh le breis is dhá bhliain ach nach ndearnadh athbhreithniú orthu roimhe seo. Níor bhain an Roinn a sprioc amach sa dá chatagóir eile.
- Rinneadh athbhreithniú ar 588 éileamh — ráta athbhreithnithe 1%. Léiríonn sé sin laghdú breis is 40% i gcomparáid leis an mbliain 2012, cé go bhfuil líon na n-éileamh méadaithe 10% ó shin i leith.
- Measúnóirí leighis a rinne 257 ceann de na 588 athbhreithniú. As na cásanna sin, measadh ar an gcéad dul síos nach raibh 43% díobh incháilithe ó thaobh leighis de. De réir na Roinne, amhail mí Mheán Fómhair 2017
  - Níl 8 (3% de na cásanna a ndearnadh athbhreithniú leighis orthu) ag fáil pinsean easláine a thuilleadh
  - Chinn oifigeach achomhairc go raibh 7 (3%) incháilithe
  - Chinn oifigeach cinniúna go raibh 38 (15%) incháilithe tar éis dóibh fianaise bhreise leighis a chur faoina bhráid[1]
  - Tá fianaise bhreise leighis curtha isteach ag 57 (22%), rud atá curtha ar aghaidh chuig measúnóirí leighis le tuairim a fháil air.
- Rinneadh athbhreithniú ar 16 chás a raibh stádas 'ná cuir ar aghaidh arís' acu chomh maith. As an líon sin measadh nach raibh ceann amháin acu incháilithe ó thaobh leighis de.
- Ag deireadh mhí na Nollag 2016, bhí stádas leighis ag breis is 9,000 cás a fágadh go mbeadh athbhreithniú leighis le déanamh orthu taobh istigh de a haon nó a dó de bhlianta.

**18.23** Tugadh faoi deara i scrúdú a rinneadh roimhe seo nach raibh aon stádas athbhreithnithe leighis ar taifead i gcás thart ar 12% de na cásanna a bhí á n-íoc. Mar fhreagra air sin, chuir an Roinn in iúl go bhfuil stádas athbhreithnithe leighis á shannadh do gach uile éilitheoir nua agus d'aon chásanna a ndéantar athbhreithniú leighis orthu ó bhí mí Lúnasa 2010 ann.

1 Déantar foráil i reachtaíocht leasa shóisialta go bhféachfaidh an t-oifigeach cinniúna (nó an t-oifigeach achomhairc) do thuairim measúnóra leighis sa chás go dtugann sé tuairim maidir le teidlíocht duine. Nuair a thagann ceist chun cinn faoi cibé acu atá nó nach bhfuil duine fós i dteideal íocaíochta, leanfar de dhéanamh na híocaíochta sin fad is a bheidh aon fhianaise bhreise leighis á meas.

**18.24** Chuir an Roinn sonraí ar fáil faoi 55,532 cás a bhí á n-íoc amhail ag deireadh na Nollag 2016. Mar chuid den scrúdú, breathnaíodh ar an dáta deireanach a ndearnadh athbhreithniú ar na cásanna sin agus ar an táscaire athbhreithnithe a tugadh do gach cás ar dháta an athbhreithnithe sin. Thug an anailís an méid seo a leanas le fios

- Rinneadh athbhreithniú ar 6,805 cás le linn na tréimhse agus measadh nár ghá athbhreithniú a dhéanamh ar 26,957 cás eile.
- Rinneadh athbhreithniú ar thart ar 2,900 cás laistigh d'aon bhliain amháin tar éis an dáta athbhreithnithe táscach a bhí sannta dóibh.
- Ní raibh aon dáta athbhreithnithe amach anseo luaite le 4,395 ceann (8%) de na 55,532 cás i mbunachar sonraí na Roinne.
    - Ní raibh aon stádas athbhreithnithe leighis luaite le 2,729 cás de bharr gur aistríodh ó sheanbhunachar sonraí rialaithe chuig córas athbhreithnithe leighis na Roinne.
    - Bhí stádas athbhreithnithe 'normálta' nó 'gnáth' luaite le 1,513 cás ach ní raibh dáta athbhreithnithe táscach socraithe ina leith.
    - Bhí stádas athbhreithnithe 'nialas' luaite le 153 cás agus ní raibh dáta athbhreithnithe táscach socraithe ina leith ach an oiread.
- Tugann na taifid le fios nach raibh aon stádas athbhreithnithe leighis sannta do thart ar 4,000 ceann de na 30,262 cás a cláraíodh ó 2011 (13%). Measadh ar an gcéad dul síos nach raibh na cásanna sin incháilithe ó thaobh leighis de ach deonaíodh pinsean easláine don éilitheoir tar éis achomhairc nó athbhreithniú ar an éileamh.
- Rinneadh athbhreithniú ar 4,081 cás idir a 3 agus a 5 de bhlianta ó shin cé go raibh táscaire athbhreithnithe 2 bhliain nó ní ba lú ná sin sannta do na héilimh.
- Rinneadh athbhreithniú ar 3,594 cás idir a 6 agus a 10 de bhlianta ó shin cé go raibh táscaire athbhreithnithe 3 bliana nó ní ba lú ná sin sannta do na héilimh.
- Rinneadh athbhreithniú ar 6,656 cás idir a 11 agus a 20 de bhlianta ó shin cé go raibh táscaire athbhreithnithe 3 bliana nó ní ba lú ná sin sannta dóibh.
- Rinneadh athbhreithniú ar 73 cás ní ba mhó ná 20 bliain ó shin cé go raibh táscaire athbhreithnithe 2 bhliain nó ní ba lú ná sin sannta dóibh.

**18.25** Tugadh faoi deara mar chuid den scrúdú gurbh ann do thart ar 220 catagóir éilimh/cód reachta sláinte. Ní úsáideann an Roinn na cóid sin le hathbhreithnithe a dhíriú ar na riochtaí sláinte a mheastar ar mó an riosca a bhaineann leo.

## An Liúntas Cúraim Baile

**18.26** Íoctar an Liúntas Cúraim Baile (LCB) le cúramóirí leanaí faoi bhun 16 bliana d'aois atá faoi mhíchumas trom ar gá cúram buan nó leanúnach agus aird bhuan nó leanúnach a thabhairt ina leith ar mó é nó í go substaintiúil ná an cúram agus an aird is gá a thabhairt de ghnáth i leith linbh den aois chéanna. Tá faighteoirí an LCB i dteideal an Deontais Tacaíochta do Chúramóirí sa ghnáthchúrsa, agus d'fhéadfadh sé go mbeidís i dteideal an Liúntais Cúramóra freisin, ar chuntar go sásaíonn siad na coinníollacha cáilithe. Ó mhí an Mheithimh 2017 ar aghaidh, is féidir leo siúd a fhaigheann an LCB a leanbh a chlárú le haghaidh cárta leighis le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).[1]

1 D'fhéadfadh sé go mbeadh fáil ag faighteoirí LCB ar theidlíochtaí eile m.sh. teidlíochtaí ón Roinn Oideachais agus Scileanna amhail cúntóirí riachtanas speisialta i scoileanna.

**18.27** Is é €309.50 in aghaidh na míosa ráta an LCB agus ní dhéantar tástáil acmhainne i leith na scéime. Bhí 31,960 teaghlach ag fáil an LCB ag deireadh 2016, líon a bhain le 34,627 leanbh. Caitheadh €133 milliún ar an scéim in 2016 — méadú 10% ar an leibhéal in 2015. Tá méadú thart ar 30% tagtha ar an leibhéal caiteachais agus ar an líon faighteoirí araon ó 2012 i leith.

**18.28** Go dtí mí an Mheithimh 2012, ba é polasaí athbhreithnithe na Roinne i gcás éilimh ar an LCB á bhí á n-íoc ná athbhreithniú a dhéanamh ar gach cás ar an dáta a mhol an measúnóir leighis. I gcásanna áirithe, mhol an measúnóir leighis nár ghá an cás a chur ar aghaidh arís (cásanna 'ná cuir ar aghaidh arís'). Dheimhnigh an Roinn gurbh é 16% an meánráta de na cásanna ar sannadh an táscaire 'ná cuir ar aghaidh arís' dóibh idir 2011 agus mí Lúnasa 2017.

**18.29** Mar chuid d'athbhreithniú ar éileamh, iarradh ar an tuismitheoir/ar an gcaomhnóir tuairisc a chur le chéile faoin gcúram a bhí á thabhairt don leanbh, chomh maith le tuairisc leighis cothrom le dáta ó dhochtúir ginearálta an linbh a chur ar fáil. Bhreathnaigh measúnóir leighis de chuid na Roinne ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach agus thug tuairim ar cibé acu a bhí nó nach raibh an leanbh fós incháilithe. Chuir oifigeach cinniúna an tuairim sin agus na coinníollacha cáilithe eile faoi chaibidil lena mheas cibé acu ar ghá nó nár ghá an cinneadh a athrú.

**18.30** Ghlac an Roinn freagracht as an scéim ó FSS in 2009. I gcás athbhreithnithe a rinneadh in 2010 agus in 2011, fuair an Roinn amach nach raibh roinnt mhaith de na héilitheoirí i dteideal an liúntais a thuilleadh. Nuair a rinneadh athbhreithniú i mí Feabhra 2012 ar shampla beag de na cásanna a aistríodh ó FFS, fuarthas amach nach raibh 45% den sampla incháilithe. Bíodh sin mar atá, cuireann an Roinn in iúl go raibh fachtóirí eile ag baint leis an ardráta neamh-incháilitheachta a fuarthas, lena n-áirítear

- Ní raibh cur amach ar an scéim ag an bhfoireann de chuid na Roinne a bhí i mbun na n-athbhreithnithe
- níor tugadh a ndóthain ama do thuismitheoirí riachtanais an phróisis athbhreithnithe a chomhlíonadh
- níor cuireadh athbhreithnithe eile ná achomhairc fhéideartha san áireamh sna torthaí.

**18.31** Tar éis an t-athbhreithniú a rinneadh in 2012, chuir an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí grúpa athbhreithnithe idir-rannach ar bun le breathnú ar chuspóirí polasaí agus ar na próisis riaracháin, measúnaithe leighis agus achomhairc le haghaidh na scéime. Bhí an grúpa chun taighde a dhéanamh ar an dea-chleachtas i dtíortha eile agus saineolaí leighis a fháil le hathbhreithniú a dhéanamh ar na treoirlínte leighis mar chuid dá shaothar. Bhí ar an ngrúpa ionadaithe don Roinn, do ranna bainteacha eile agus do ghrúpaí tuismitheoirí/tacaíochta, chomh maith le saineolaithe ábhartha.

**18.32** Cuireadh clár athbhreithnithe leighis na Roinne ar chásanna LCB ar fionraí i mí an Mheithimh 2012 le fanacht ar thorthaí obair an ghrúpa athbhreithnithe. Ní dhearnadh aon bheart maidir leis na 41 cás a aistríodh ó FSS in 2009 a measadh nach raibh incháilithe. Cuireadh aon bheart breise maidir leis na cásanna sin ar ceal go dtí go gcuirfí próiseas athbhreithnithe i bhfeidhm le haghaidh na cásanna uile a aistríodh ó FSS.

**18.33** Tugadh moltaí an ghrúpa athbhreithnithe os comhair an Rialtais i mí Aibreáin 2013 agus comhaontaíodh gur chóir don Roinn na hathruithe riaracháin a moladh a chur i bhfeidhm agus go gcuirfí na moltaí a bhain le polasaí faoi chaibidil i gcomhthéacs Cháinaisnéis 2014.

**18.34** Seo a leanas roinnt de na príomh-mholtaí a rinneadh maidir le hathbhreithnithe ar theidlíocht faoi scéim an LCB

- tá polasaí athbhreithnithe ina chuid chuí, riachtanach de bhainistiú na scéime
- i gcás fhormhór na n-éilimh socraítear eatramh athbhreithnithe idir a trí nó a cúig de bhlianta ach admhaítear go bhféadfadh sé gurbh iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar éilimh áirithe taobh istigh nó taobh amuigh den eatramh sin
- leanfar d'éilimh áirithe a rangú mar 'ná cuir ar aghaidh arís' i bhfianaise a dhonacht riocht an linbh agus a fhad is dócha a mhairfidh an riocht sin
- ba chóir go leanfaí d'fheidhm a bheith ag na feabhsuithe a cuireadh i bhfeidhm i ndáil le fógra faoi dhátaí athbhreithnithe agus fógra roimh ré faoi athbhreithnithe
- ba chóir go bhfaigheadh tuismitheoirí/caomhnóirí fógra 21 lá ón oifigeach cinniúna le deis a thabhairt dóibh faisnéis bhreise a chur ar fáil sula ndéanfaí cinneadh ar an athbhreithniú i gcásanna ina bhfuil an t-oifigeach cinniúna ag smaoineamh ar scor den íocaíocht.

**18.35** Cuireadh Grúpa Forfheidhmithe Liúntais Cúraim Baile ar bun le maoirseacht a dhéanamh ar chur mholtaí na tuarascála i bhfeidhm. Bhí comhdhéanamh an ghrúpa mar an gcéanna leis an ngrúpa athbhreithnithe a bheag nó a mhór.

**18.36** Cé gur moladh gur chóir leanúint ar aghaidh le hathbhreithnithe, níl na hathbhreithnithe leighis atosaithe go fóill.

**18.37** Deir an Roinn go dearna sí cinneadh fanacht ar thoradh achomhairc i gcoinne breithe agus gurb é sin ba chúis leis an moill. Bhain an bhreith le breith de chuid na hArd-Chúirte inar dearbhaíodh gur ghlac an Roinn seasamh polasaí do-athraithe i gcás inar ghlac an t-oifigeach cinniúna le tuairim an mheasúnóra leighis gan smaoineamh gan cheist nuair a rinne cinneadh diúltú d'iarratas ar an liúntas cúraim baile.[1] Rinne an Chúirt Achomhairc breith na hArd-Chúirte a fhreaschur i mí Aibreáin 2016. Cé gur dhearbhaigh an Chúirt gur nós leis an oifigeach cinniúna tuairim an mheasúnóra leighis (tuairim ar gá dó aird a thabhairt uirthi de réir na reachtaíochta) a leanúint i ngach uile (nó i mbeagnach gach uile) chás, níor fhág sé sin go raibh seasamh polasaí do-athraithe glactha aige.

**18.38** Chuir an Roinn togra i dtoll a chéile maidir le hatosú ar athbhreithnithe i mí Lúnasa 2016. Tá an Roinn ag obair ar an togra sin i gcomhar leis an nGrúpa Forfheidhmithe sula dtabharfar an faomhadh deireanach le dul ar aghaidh leis.

1 B v an tAire Coimirce Sóisialaí [2014] IEHC186.

## Conclúidí agus moltaí

**18.39** Bhí sprioc ag an Roinn go ndéanfaí athbhreithniú ar 107,700 éileamh breoiteachta agus míchumais a bhí á n-íoc in 2016. Cé gur tuairiscíodh beagán ní ba lú ná 107,000 athbhreithniú, bhain beagnach dhá thrian de na hathbhreithnithe sin le héilimh nua, le faisnéis nua a cuireadh ar fáil don Roinn nó le hachomhairc arna ndéanamh ag éilitheoirí. Tá i bhfad níos lú athbhreithnithe leighis á ndéanamh ná mar a bhí beartaithe.

### Moladh 18.1

Ní foláir líon na gcásanna a ndéantar athbhreithniú orthu gach bliain a mhéadú mar gheall ar an riosca soiléir a bhaineann le scéimeanna leighis.

#### Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaithe. Glacann an Roinn gur gá líon na gcásanna a ndéantar athbhreithniú leighis orthu a mhéadú agus tá infheistíocht shuntasach déanta aici chun na críche sin. D’éirigh leis an Roinn cleachtóirí leighis nua a cheapadh ina measúnóirí leighis agus tá 30.5 coibhéis lánaimseartha aici faoi láthair, an Príomhoifigeach Leighis Gníomhach ina measc. Ina theannta sin, tá próiseas earcaíochta ar bun faoi láthair lena chinntiú go mbeidh painéal ar fáil le haon fholúntas a líonadh in 2017 chun go mbeifear in ann an líon sin measúnóirí a choinneáil.

In 2016 bhí na measúnóirí leighis dírithe ar iarratais nua ar scéimeanna breoiteachta, míchumais agus cúraim a phróiseáil, tráth a raibh méadú suntasach tar éis teacht ar líon na n-éileamh ar na scéimeanna uile sin.

Le sé mhí anuas, tá an Roinn ag díriú ar éifeachtúlachtaí a fhorbairt sa tSeirbhís um Athbhreithniú agus Measúnú Leighis, lena n-áirítear athruithe ar chórais teicneolaíochta faisnéise. Mar thoradh ar an méid sin, tá líon na ndaoine atá ag fanacht ar thuairim leighis mar chuid d’éileamh ar cheann de scéimeanna fadtéarmacha na Roinne laghdaithe ó 10,000 ag deireadh mhí Aibreáin 2016 go dtí níos lú ná 2,000 i mí Mheán Fómhair 2017. Chuir sé sin ar chumas na Roinne tuilleadh measúnóirí leighis a chur ar fáil le tabhairt faoi athbhreithnithe rialaithe.

**18.40** Ní raibh stádas athbhreithnithe leighis/dáta athbhreithnithe amach anseo sannta do 4,395 (8%) ceann de na cásanna pinsin easláine amhail ag deireadh 2016. Baineann an Roinn úsáid as stádas athbhreithnithe leighis chun éilimh a chatagóiriú ó thaobh riosca de. Murab ann do stádas athbhreithnithe leighis, d’fhéadfadh sé nach ndéanfaí athbhreithniú ar na cásanna sin choíche. Fiú i gcásanna ina raibh stádas athbhreithnithe sannta, is léir nach ndearnadh athbhreithniú ar chásanna áirithe laistigh den tréimhse bheartaithe. Tugadh moilleanna suntasacha faoi deara. Mar shampla, ní raibh athbhreithniú déanta ar thart ar 10,000 cás le cúig bliana ar a laghad, agus i roinnt mhaith cásanna, le deich mbliana cé go raibh siad le hathbhreithniú laistigh de thrí bliana.

**Moladh 18.2**

Ba chóir go mbeadh stádas athbhreithnithe leighis ('ná cuir ar aghaidh arís' san áireamh, más iomchuí) ag gach uile chomhad agus ba chóir go gcuirfí tús le próiseas leis na comhaid a nuashonrú. Ba chóir don Roinn a mheas cibé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí úsáid níos fearr a bhaint as na cóid reachta sláinte (a bhfuil 220 ceann acu ar taifead sa chóras) leis na hathbhreithnithe a dhíriú ar na héilitheoirí siúd a bhfuil riochtaí sláinte orthu a d'fhéadfadh athrú.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Glacann an Roinn nár chóir aon chásanna a fhágáil amach as gníomhaíochtaí rialaithe na Roinne de bharr nach bhfuil aon sonraí athbhreithnithe leighis ar taifead i dtaca leo. Glacann an Roinn mar chúram uirthi féin na 2,729 cás a aistríodh ó sheanchóras PENLIVE agus na 1,666 cás atá ar MRCM nach bhfuil dáta athbhreithnithe ná stádas 'ná cuir ar aghaidh arís' acu a phróifíliú lena chinntiú nach bhfágfar amach as gníomhaíochtaí rialaithe na Roinne iad. Cuirfear an próifíliú i gcrích faoi dheireadh 2017 agus féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna samplacha uaidh sin amach.

Cé gur tháinig sé chun solais le linn an scrúdaithe nach raibh dáta athbhreithnithe ar taifead i dtaca le cásanna áirithe pinsin easláine, ní fhágann sé sin go baileach go bhfágfaí a leithéid de chásanna amach as gníomhaíochtaí rialaithe na Roinne. Caithfear 35% de na cásanna a ndéantar athbhreithniú leighis orthu a roghnú trí thagairt do na dátaí athbhreithnithe de réir na gcritéar. Roghnaítear an chuid eile trí thagairt d'aois an éilitheora nó d'fhad ama an éilimh.

Mar chuid den tionscadal leis an sochar breoiteachta a bhogadh ó sheanchóras TF (ISTS) chuig ardán BOMi na Roinne (rud atá le críochnú faoi mhí Aibreáin 2018), tá measúnóirí leighis na Roinne tar éis na cóid éagumais reatha a chur le chéile agus iad a mhapáil le cóid ICD-10.[1] Rinne siad amhlaidh d'fhonn úsáid faisnéise leighis a bharrfheabhsú agus le hathbhreithnithe a dhíriú ar na héilimh is mó riosca chomh sciobtha agus is féidir.

Leanann an Roinn de bheith i dteagmháil rialta (trí chuairt a thabhairt ar chleachtaí aonair agus ar ghrúpchleachtaí agus trí láithreoireachtaí a thabhairt ag imeachtaí leighis) le cleachtóirí leighis agus chuir treoirlínte, oideachas agus leabhrán atá dírithe ar dhochtúirí ginearálta go sonrach ar fáil faoi scéimeanna na Roinne agus faoi na coinníollacha a ghabhann leo. D'oibrigh an Roinn as lámha a chéile le Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann agus le Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann ar thabhairt isteach an chódaithe diagnóisí agus an teistithe iata freisin. Glactar leis go mbeifear in ann athbhreithniú a dhéanamh ar éilimh atá á n-íoc ar bhealach i bhfad níos dírithe a bhuíochas leis an gcaoi a ndéanfar diagnóisí a chódú ar bhealach níos cruinne ar dheimhnithe leighis.

**18.41** De dheasca nach raibh a dóthain acmhainní ag an Roinn, rinneadh breis is 10,000 éileamh ar an FIT a athnuachan in 2014/2015 gan na gnáthsheiceálacha a dhéanamh orthu. Tá an baol ann go bhfuair roinnt éilitheoirí sochar nach raibh siad ina theideal de bharr gur athnuadh a n-éileamh ar an gcaoi sin.

1 An Rangú Staitistiúil Idirnáisiúnta Galar agus Fadhbanna Sláinte Gaolmhara, Eagrán 10 – An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte

**Moladh 18.3**

I gcásanna ina ngabhtar thart ar na gnáthrialuithe agus ina ndéantar éilimh a athnuachan gan na gnáthsheiceálacha a dhéanamh orthu, ba chóir don Roinn bearta breise a dhéanamh chun an riosca a laghdú go ndéanfaí íocaíochtaí míchearta.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Tá feabhas tagtha ar an am próiseála éileamh ar an FIT ó 2015 i leith, rud a fhágann nach dócha go ndéanfaí cinneadh le cásanna FIT a athnuachan gan na gnáthsheiceálacha a dhéanamh arís amach anseo. Déantar athbhreithniú ar gach íocaíocht FIT go bliantúil na laethanta seo.

**18.42** Gan éilimh nua, a dhéantar a mheas ar an gcéad dul síos, a áireamh, níl aon athbhreithniú leighis déanta ar chásanna liúntais cúraim baile ó bhí lár na bliana 2012 ann. Go ginearálta, níor fhág aon chásanna an scéim le linn na tréimhse sin ach na cásanna siúd inar shlánaigh an leanbh 16 bliana d’aois. Bhí 31,960 teaghlach ag fáil an liúntais cúraim baile i dtaca le 34,627 leanbh amhail an 31 Nollaig 2016 (méadú 9.5% ar an mbliain roimhe).

**18.43** Cé gur mhol meitheal oibre in 2013 gur chóir polasaí agus nósanna imeachta rialaithe cuí a fhorbairt maidir le scéim an liúntais cúraim baile, níl sé sin curtha i gcrích go fóill.